BILEOG GNÍOMHAÍOCHTAÍ – FOLLÁINE DO DHAOINE AGUS DON PHLÁINÉAD

Úsáid an **Bhileog Gníomhaíochtaí** seo i dteannta *Folláine do Dhaoine agus don Phláinéad*, an iris do dhaltaí atá le fáil i bhfoirm páipéir agus ar líne ar an láithreán gréasáin ourworldirishaidawards.ie

TACÚ LE HOIDEACHAS CAILÍNÍ I SIARRA LEON I RITH PHAINDÉIM COVID-19: CÁS-STAIDÉAR
(leathanach 7)

Scríobh script gearr le haghaidh clár raidió chun eolas a thabhairt do Fatmata agus do leanaí agus do dhaoine óga eile i Siarra Leon ar do chuid foghlama sa bhaile nuair a bhí scoileanna dúnta mar thoradh ar Covid-19. Ná déan dearmad go mbíonn fuaimeanna an-tábhachtach ar an raidió, mar sin d'fhéadfá éifeachtaí fuaime a chur ann trí chur síos ar an bhfuaim a scríobh idir lúibíní. Mar shampla (fón ag bualadh sa chúlra) nó (fuaim de dhuine á scaoileadh isteach ón seomra feithimh i gceacht ar Zoom).

AR AN AER